



Post	Fáilteoir (CO)
Conradh	Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte
Grúpa Seirbhíse	Seirbhísí Corparáideacha
Áit	Ceannoifig BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:



Seirbhísí Corparáideacha (SC)

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthair, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

Achoimre ar an Ról:

Beidh an Fáilteoir freagrach as réimse cúraimí fáiltithe agus riaracháin i gCeannoifig BIM. Is i gCeancheathrú BIM atá an fáiltiú agus dá bhrí sin is é an chéad phointe teagmhála é d'aon duine a thagann chuig na príomhoifigí. Beidh sé/sí/siad freagrach as na córais ghutháin, ríomhphoist, phoist agus as seirbhísí cúiréireachta. Tá an fáilteoir freagrach as bualadh le cuairteoirí a thagann isteach i bpríomhoifig BIM agus beannú dóibh agus as áirithintí an tseomra cruinnithe agus áirithintí lóin a bhainistiú nuair is gá. Beidh siad freagrach as cúraimí riaracháin eile chun tacú le Seirbhísí Corparáideacha agus le foirne BIM níos leithne.

Tabhair ar aird, de bharr nádúr an róil seo, gur ról é atá go hiomlán ar an láthair, 5 lá in aghaidh na seachtaine, le bheith ar fáil idir 9am agus 5.30pm agus ní bheidh sé incháilithe d'aon socrúithe cianoibre.

Príomhthascanna:

- Córais Ghutháin agus liostaí gutháin a chothabháil
- Bualadh le cuairteoirí a thagann chuig an gceannoifig agus beannú dóibh
- An fáiltiú a bhainistiú – an áit a chothabháil, íomhá gairmiúil BIM a chur i láthair
- Tacú le bearta slándála, monatóireacht a dhéanamh ar logleabhair, suaitheantais cuairteoirí a eisiúint.
- Aíonna a thagann ar an láthair a chlárú i gcomhréir le treoracha rialtais Covid-19.
- Cruinnithe a sceidealú, seomraí cruinnithe agus lón a chur in áirithe do chuairoteoirí nuair is gá
- Socrúithe taistil a chur in áirithe
- Post a thagann isteach chuig an gCeannoifig agus a théann amach uathí a bhainistiú
- Seirbhísí cúiréireachta a shocrú nuair is gá
- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Líne: Feidhmeannach Áiseanna

Stiúrthóir: Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha



Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

- An fhoireann uile i ngach Aonad Gnó
- Feidhmeannach Áiseanna
- Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Lasmuigh de BIM

- Cuairteoirí a thagann chuig Ceannoifig BIM

Oiliúint

- Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Taithí 6 mhí ar a laghad ag obair i ról fáilteora den chineál céanna
- Bealach gairmiúil a bheidh ag an duine a cheapfar
- Sárscileanna MS Word agus MS Excel
- Sárscileanna riaracháin agus eagrúcháin.
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide
- An cumas caidrimh láidre inmheánacha a chothú
- Dea-bhainistiú ama agus an cumas nithe a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- An cumas oibriú go neamhspleách agus gan mhaoirseacht.
- Cáilíocht ábhartha

Inmhianaithe:

- Líofacht sa Ghaeilge ó bhéal agus i scríbhinn.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe eagrúcháin agus scileanna maithe i dtaobh tosaíochtaí a leagan amach, agus an cumas a bheith acu tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, an cumas idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir
- Cur chuige solúbtha agus inoiriúnaithe i dtaobh tacaíocht a thabhairt do réimse ranna agus gníomhaíochtaí BIM.



Tuarastal:

Ag CO a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €25,339 - €41,504 (amhail an 1 Feabhra 2021) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe.

(Tabhair ar aird: Is ag íosmhéid an scála tuarastail ábhartha a bheidh an tuarastal tosaigh mura bhfuil an t-iarratasóir roghnaithe a n-éireoidh leis ina státseirbhíseach nó ina fhostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair atá ar phointe níos airde sa scála i gcomhréir leis an gCiorclán ábhartha ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann siad cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 22 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Cuirfear conradh fostaíochta Tréimhse Éiginnte ar fáil le cead ó BIM faoi réir léiriú sásúil ar an leibhéal atá ag teastáil agus an tréimhse phromhaidh atá ag teastáil a chur i gcrích. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí.

An tSlí le hiarratas a dhéanamh

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 3 p.m. an 28 Meitheamh 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn. Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara